

# Eleathanach347

Dé Luain, an 20 Aibreán 2020

## #FANSABHAILE

Tháinig ceoltóirí agus daoine cáiliúla le chéile ó 7 - 9 i.n. Dé Domhnaigh. Bhí ceolchoirm mhór ar siúl chun troid in aghaidh COVID-19. Bhailigh an ceolchoirm seo €118 milliún don EDS - Eagraíocht Dhomhanda Sláinte

Chan Niall Horan, Picture This, Hozier, Lady Gaga, Celine Dion, Taylor Swift, Elton John, Jennifer Lopez, Stevie Wonder, Lizzo, Liam Payne, Sam Smith, Billie Eilish, John Legend agus go leor daoine eile.

Bhí na ceoltóirí ar fad ag canadh ón mbaile - #fansabhaile. Labhair Michelle Obama, David Beckham, Beyonce agus ghabh siad buíochas leis an bhfoirean tús líne.



## An Captaen Tom Moore

Throid An Captaen Moore sa Dara Cogadh Domhanda. Tá sé ina chónaí in Bedfordshire, Sasana. Tá sé 99 bliain d'aois.

Shiúil sé timpeall a ghairdín 100 uair chun airgead a bhailiú don NHS. NHS - An tSeirbhís Náisiúnta Sláinte sa Bhreatain.

Theastaigh uaidh £1,000 a bhailiú ach d'éirigh leis £23 milliún a bhailiú go dtí seo. Nuair a chríochnaigh sé an tsiúlóid fhada, dúirt sé 'Motháim go breá, tá súil agam go bhfuil sibh go maith.' Dúirt an Prionsa William gur 'absolute legend' é Tom Moore.

## The Phantom of the Opera

Bhí an seó ceoil *The Phantom of The Opera* ar siúl ar YouTube Dé hAoine. 'The Shows Must Go On' is ainm don suíomh seo. Is é Andrew Lloyd Weber a chum an seó ceoil seo.

Chuir sé an seó ceoil ar fáil saor in aisce ach d'iarr sé ar an lucht féachana airgead a chur chuig an gcarthanacht 'The Actors Fund'. Cabhraíonn an charthanacht seo le daoine a ndearna COVID-19 difear dóibh.

Bhí Ramin Karimloo, Sierra Boggess agus Hadley Fraser sa seó ceoil. Bhí an ceol go hiontach. Ar chuala tú an t-amhrán 'The Phantom of the Opera' cheana? Éist leis an amhrán anseo! <https://www.youtube.com/watch?v=-JaeBxYCI9k>

